

# A



# Clár


| | |
|---|---|
| Cad is ea clár foghlama teaghlaigh? | 2 |
| Foghlaim bhaile agus scoile | 3 |
| Topaicí Lárnacha agus Topaicí Eile | 4 |
| Ag foghlaim sa mbaile | 5 |
| Aimsigh do stíl foghlama | 6-7a |
| Trí phríomhstíl don bhfoghlaim | 8 |
| Mar a fhoghlaimíonn páistí | 9 |
| Gaothrán ainme | 10 |
| Stíleanna foghlama id theaghlachsa | 11 |
| Ó phonc-go-ponc | 12 |

# Cad is ea clár foghlama teaghlaigh?

**Aithníonn cláracha foghlama teaghlaigh gurb iad na tuismitheoirí na múinteoirí is túisce agus is tábhachtaí a bhíonn ag páistí.**

Tá sé mar cheann de na haidhmeanna ag an gclár foghlama teaghlaigh spreagadh agus tacaíocht a thabhairt duit mar chéad mhúinteoir do pháiste.

**Aithníonn cláracha foghlama teaghlaigh go bhfuil gach sórt deiseanna ann chun foghlaim a dhéanamh laistigh den teaghlach.**


Aidhm eile atá ag an gclár ná gníomhaíochtaí a fhiosrú a d'fhéadfadh cabhrú le do pháiste an leas is mó agus is féidir a bhaint as foghlaim sa mbaile.

**Aithníonn cláracha foghlama teaghlaigh, leis, gur daoine gnóthacha iad tuismitheoirí agus gur deacair leo go minic, aon am saor a fháil dóibh féin.**

Aidhm eile fós atá ag an gclár ná am agus spás a chur ar fáil duitse chun go bhféadfá labhairt fén tsuim atá agat féin sa bhfoghlaim, agus más maith leat, leas a bhaint as na deiseanna d'fhoghlaim aosach i rith an chláir agus ina dhiaidh.

Baineann cláracha foghlama teaghlaigh le:

- méadú scileanna,
- méadú muiníne,
- smaointe a roinnt,
- spórt a bhaint as!



# Foghlaim bhaile agus scoile

| Foghlaim Bhaile | Foghlaim Scoile |
| --- | --- |
| • Roghnaíonn leanaí na rudaí a theastaíonn uatha a fhoghlaim. | • Caithfidh múinteoirí curaclam cinnte a leanúint. |
| • Bíonn an fhoghlaim taitneamhach agus fuirist. | • Is obair dheacair go minic í an fhoghlaim. |
| • Is féidir le leanaí gníomhaíocht foghlama a dhéanamh ag aon am. | • Foghlaimítear de réir amchláir. |
| • D'fhéadfadh nach dtiocfadh leanaí ar choincheapanna san ord is fusa don bhfoghlaim. | • Foghlaimíonn leanaí scileanna i gcéimeanna beartaithe. |
| • Bíonn a lán deiseanna ann chun aird an duine fásta a mhealladh. | • Roinntear aird an duine fásta ar mhórán leanaí. |
| • Déantar aithris ar scileanna na ndaoine fásta. | • Múintear scileanna na ndaoine fásta. |
| • Ní thástáiltear go foirmeálta foghlaim na leanaí. | • Déantar measúnú leanúnach ar dhul chun cinn an linbh. |
| • Bíonn deiseanna ann do chomhráití leathana. | • Bíonn teora ama leis na deiseanna comhrá. |
| • Is féidir go mbeadh leanaí d'aoiseanna éagsúla ag foghlaim le chéile. | • Foghlaimítear le leanaí comhaoise. |

Curtha in oiriúint ó **'Literacy Home and School'** le Peter Hannon, Lth 39, The Falmer Press, 1995.

## Topaicí Lárnacha

1. Ag tosnú - cad é foghlaim theaghlaigh?
2. Tá dúchas an mhúinteora i ngach tuismitheoir
3. Labhraímis ina thaobh....
4. Rannta, amhráin agus dánta
5. Scéalaíocht
6. Ag roinnt na leabhar
7. Tá cló inár dtimpeall
8. Ullamh chun scríobh
9. Scríbhneoireacht laethúil
10. Mata gníomhach
11. Spórt le mata
12. Ag déanamh leabhair
13. Á chur ar fad le chéile
14. Ag nascadh

## Topaicí Eile

- Ríomhairí
- Ealaíon agus Ceardaíocht
- Garchabhair
- Sláinteachas teaghlaigh
- Láimhseáil struis
- Ag plé le hiompar leanaí
- Láimhseáil airgid
- Ag cabhrú le leanaí níos aosta le litriú
- Ag labhairt le múinteoir do linbh
- Féinmhuinín
- Feasacht an tomhaltóra

Do chuidse moltaí:

# Ag foghlaim sa mbaile

Sa tseachtain atá romhat, déan nóta de cheithre huaire ar a laghad, go dtugann tú fé ndeara do leanbh ag léiriú scil éigin atá foghlamtha sa mbaile.

Samplaí:

 ag féachaint ar leabhar

 ag preabadh téide

 ag úsáid an leithris

 ag péinteáil pictiúir

## Scileanna

1.

2.

3.

4.

## Cuimhnigh ar:

Ar roghnaigh do leanbh na scileanna seo a fhoghlaim?

Cérbh iad na baill teaghlaigh a bhí páirteach i gcabhrú le do leanbh foghlaim?

Cé mhéad am a bhí ag do leanbh chun foghlama?

Conas a bhí a fhios agat gur fhoghlaim do leanbh na scileanna seo?

Ar labhair tú féin agus do leanbh fén méid a bhí foghlamtha aici?
Cad a dúirt tú?

# Aimsigh do stíl foghlama

Roghnaigh freagra AMHÁIN, is é sin, a, b, nó c, do gach ceist.

1. **Nuair atá tú ag dul in áit éigin nach raibh tú ann riamh cheana, an maith leat;**

a) treoracha i scríbhinn a bheith agat?

b) duine éigin a bheith ann le rá leat conas é a shroichint?

c) é a fháilt amach duit féin de réir a chéile mar go bhfuil tú go maith ag aimsiú treo?

2. **Agus tú ag litriú, an ndéanann tú;**

a) iarracht an focal a fheiscint?

b) iarracht an focal a rá?

c) an focal a scríobh síos, féachaint an bhfuil an 'dealramh ceart' air?

3. **Nuair a bhíonn tú crosta;**

a) an bhfanann tú ciúin, ag cur do chuid ciúnais i bhfeidhm orthu súd id thimpeall?

b) an gcuireann tú i dtuiscint go borb é, le béiceach srl.?

c) an imíonn tú leat go feargach, do dhoirne teann agus d'fhiacla teannta ar a chéile?

4. **Nuair a bhíonn am spártha agat an fearr leat;**

a) féachaint ar an teilifís, dul chuig an bpictiúrlann, cluiche físeáin a imirt?

b) éisteacht leis an raidió nó le téipeanna/dlúthdhioscaí, dul go dtí coirmcheoil nó uirlis cheoil a sheinnt?

c) dul i mbun rud fisiciúil mar spórt, nó rince?

5. **Nuair a bhíonn rud tábhachtach le plé agat, an fearr leat;**

a) bualadh go díreach leis an duine atá i gceist, nó cúpla nóta a scríobh i dtaobh ar mhaith leat a rá?

b) an guthán a úsáid?

c) labhairt faoi agus rud éigin eile ar bun, ar nós siúl nó béile a ithe?

# Aimsigh do stíl foghlama

**6. Nuair a bhíonn tú ag caint;**

a) an labhrann tú go mear, go háirithe nuair a bhíonn tú oibrithe?

b) an mbaineann tú taitneamh as éisteacht, ach fós gur maith leat a bheith ag caint?

c) an úsáideann tú a lán geáitsí le do lámha agus do chorp?

**7. An mbíonn a fhios ag daoine eile conas a bhraitheann tú;**

a) ón gcuma atá ar d'aghaidh?

b) ó do ghuth?

c) ó do chuid geáitsí?

**8. Nuair a deireann duine éigin rud deas fút, an maith leat;**

a) é a fháilt i scríbhinn?

b) é a chloisint?

c) an moladh a bheith fisiciúil, mar shampla go dtabharfaidís barróg duit?

**9. Nuair a dhéanann tú iarracht a thuiscint cén ghiúmar a bhíonn ar dhuine;**

a) an bhféachann tú san aghaidh ar an duine de ghnáth?

b) an éisteann tú lena ghlór?

c) an bhféachann tú ar a gheáitsí?

**10. Nuair a bhraitheann tú díomhaoin;**

a) an bhféachann tú timpeall ort ag geáitsíocht nó ag scriobláil?

b) an labhrann tú leat féin nó le daoine eile?

c) an mbíonn tú ag útamáil?

# Aimsigh do stíl foghlama

11. **Nuair a bhíonn tú ag foghlaim;**

a) an maith leat taispeántaisí, léaráidí nó póstaeirí a fheiscint?

b) an maith leat éisteacht le treoracha, cainteanna agus léachtanna?

c) arbh fhearr leat páirt ghníomhach a ghlacadh, le gníomhaíochtaí nó cleachtaí?

12. **Nuair a insíonn duine éigin a uimhir ghutháin duit;**

a) an scríobhann tú síos é chomh mear agus is féidir leat?

b) an ndéanann tú é a aithris arís agus arís eile duit féin?

c) an samhlaíonn tú go bhfuil an uimhir á dhiailiú agat?

Curtha in oiriúint ón Learning Styles Questionnaire in **'Learning in Practice'** le Rosamund Philips, NALA, 1996.

# Trí phríomhstíl don bhfoghlaim

'a' is mó

Más 'a' is mó a bhí mar fhreagraí agat, is é is dóichí ná gur foghlaimeoir fisiciúil tú. Braitheann tú ar an bhféachaint mar an straitéis is éifeachtúla agus is fusa duitse.

**Daoine gur foghlaimeoirí fisiciúla iad:**

- is fearr leo léarscáil ná treoracha ó bhéal;
- is maith leo scriobláil;
- chíonn siad focail ina gceann;
- is cuimhin leo a bhfuil feicthe acu seachas a bhfuil cloiste acu;
- is maith leo eolas a léamh i dtreoracha;
- tá siad néata agus bíonn ord agus eagar ag baint leo.

'b' is mó

Más 'b' is mó a bhí mar fhreagraí agat, is é is dóichí ná gur foghlaimeoir ó chluas tú. Is fearr a fhoghlaimíonn tú agus tú ag éisteacht agus ag caint.

**Daoine gur foghlaimeoirí ó chluas iad:**

- labhrann siad leo féin;
- bogann siad a mbeola fad is atá siad ag léamh;
- déanann siad aithris ar eolas amach os ard chun é a fhoghlaim;
- tá siad cainteach, is breá leo díospóireacht;
- is maith leo na focail a léamh amach fad is atá siad ag foghlaim conas litriú;
- cuimhníonn siad ar a bhfuil cloiste acu seachas a bhfuil feicthe acu.

'c' is mó

Más 'c' is mó a bhí mar fhreagraí agat, is é is dóichí ná gur foghlaimeoir cinéistéiseach tú. Foghlaimíonn tú ó mhothúcháin agus ó ghluaiseacht. Is maith leat an tasc a dhéanamh chun é a fhoghlaim i gceart.

**Daoine gur foghlaimeoirí cinéistéiseacha iad:**

- is deacair leo suí síos;
- foghlaimíonn siad ó bheith ag déanamh agus ag láimhseáil;
- smaoiníonn siad níos fearr agus iad ag gluaiseacht nó ag siúl;
- úsáideann siad gníomhfhocail;
- úsáideann siad geáitsí go minic;
- is maith leo focail a chóipeáil agus cleachtadh a dhéanamh ar iad a scríobh fad is atá siad ag foghlaim conas litriú;
- cuimhníonn siad níos fearr ar rudaí atá déanta acu;
- is i ngluaiseacht na matán is fearr atá a gcuid slite foghlama.

# Mar a fhoghlaimíonn páistí

Is fearr a fhoghlaimíonn páistí nuair is féidir leo taithí dhíreach a bheith acu le tascanna foghlama. Ar na gníomhaíochtaí is mó a chabhraíonn le foghlaim na bpáistí a chur chun cinn tá siad sin a thugann:

- deiseanna le feiscint, brath, cloisint, mothú agus blaiseadh;
- deiseanna le fiosrú, triail a bhaint as rudaí agus cleachtadh a dhéanamh;
- áiteanna ar a bhfuil taithí acu chun rudaí nua a fhoghlaim, mar shampla an baile nó an pobal áitiúil;
- eadarghníomh le tuismitheoirí, cairde, deartháireacha, deirfiúracha agus gaolta eile;
- deiseanna do chomhrá, do cheisteanna a chur agus do shaghasanna eile cleachtaisí teanga;
- spreagadh agus moladh;
- deiseanna le tascanna foghlama a roghnú agus a phleanáil;
- tnútháin réadúla;
- deiseanna le feiscint go mbaineann luach lena bhfuil bainte amach acu.




# Gaothrán ainme

1 Comhair an méid litreacha atá in ainm do pháiste. Cuir an méid sin fillte sa pháipéar (ar nós cairdín).

2 Scríobh na litreacha a bhaineann le hainm do pháiste trasna barr gach filleadh.

3 Ag tosnú leis an gcéad litir in ainm do pháiste, gearr amach roinnt mhaith pictiúirí ó iris a bhfuil an chéad fhuaim chéanna acu. Greamaigh síos an filleadh iad fén gcéad litir.

4 Lean sa tslí chéanna do gach litir in ainm do pháiste.




# Stíleanna foghlama id theaghlachsa

**Caith roinnt ama ag féachaint ar conas a fhoghlaimíonn do pháiste.**

| | ✔ | × |
|---|---|---|
| An gcuimhníonn do pháiste ar na rudaí a deireann tú leis a dhéanamh? | | |
| An mbaineann do pháiste taitneamh as a bheith páirteach i gcomhrá agus ag éisteacht le daoine eile? | | |
| An maith leis éisteacht le téipeanna agus féachaint ar fhístéipeanna? | | |
| An maith leis féachaint ar leabhair agus irisí? | | |
| An maith leis líníocht agus dathú? | | |
| An maith leis féachaint ar dhaoine eile ag déanamh rud éigin sula mbainfidh sé féin triail as? | | |
| An dtaitníonn gníomhaíocht láimhe leis, ar nós taos imeartha nó uisce? | | |
| An maith leis rudaí a dhéanamh agus a thógáil? | | |
| An mbaineann sé taitneamh as spórt, rince agus gníomhaíochtaí gluaiseachta? | | |

Cad eile a thug tú fé ndeara?

# Ó Phonc-go-ponc





Canúint na Mumhan

Breacadh

NDP

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science